

Aistrithe isteach agus amach ó Theaghlaigh gan Phost, idir 2004 agus 2014

Dorothy Watson, Bertrand Maître and Helen Russell

Bileog Faisnéise faoi Thaighde, Meán Fómhair 2015

Tagraíonn teaghlaigh gan phost do dhaoine fásta agus leanaí a chónaíonn i dteaghlaigh nach bhfuil aon duine fásta ag oibriú iontu. Mar aon le bheith ina bhuairt maidir leis an margadh saothair, bíonn ceangal tréan aige le brath fadtéarmach ar leas agus ar an mbochtaineacht.

Déanann an staidéar nua seo tomhas ar an ngluaiseacht isteach agus amach ó easpa post i dteaghlaigh gan phost idir ráithí féilire i rith tráth ina bhfuil mearathrú geilleagrach ag teacht ar chúrsaí. Anuas air sin, déanann sé fiosrú ar phróifíl na ndaoine siúd gan phost go seasmhach, agus sainaithníonn sé na tosca a bhaineann le bheith i do theaghlach oibre.

Saincheisteanna tábhachtacha iad seo ó pheirspictíocht bheartais de, d'fhonn gur féidir dul i ngleic le riachtanais iad siúd uile atá i dteaghlaigh gan phost agus d'fhonn gur féidir leis na líonta atá thíos leis leanúint ag titim de réir mar a théann fostaíocht i méid.

Aschur chlár taighde na Roinne Coimirce Sóisialaí / na hInstitiúide Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta is ea an tuarascáil.

Príomhthorthaí

- In 2014, bhí cónaí ar 14 faoin gcéad de dhaoine fásta agus 16 faoin gcéad de leanaí i dteaghlaigh gan phost, ar laghdú é seo anuas ó bhuaicráta 16 faoin gcéad agus 20 faoin gcéad, faoi seach, in 2011/2012.
- I rith an chúlaithe eacnamaíochta, bhí an líon daoine gan phost ní ba choitianta i measc teaghlaigh ina raibh roinnt daoine fásta a raibh leanaí acu.
- Bhí an líon daoine gan fhostaíocht ní b'airde i measc leanaí ná mar a bhí sé i measc daoine fásta agus bhí sé ní ba choitianta i measc ban, daoine fásta breacaosta, iad siúd a bhain leibhéil ní b'ísle d'oidreachas amach, daoine fásta faoi mhíchumas agus i dteaghlaigh ina raibh ach duine fásta amháin agus ina raibh leanaí.
- Ar thosú an chúlaithe eacnamaíochta, tháinig méadú ní ba thapúla ar an ráta daoine a bhí fágtha gan fhostaíocht ná an ráta daoine a raibh post á fháil acu.
- Ag díriú orthu siúd i dteaghlaigh gan phost, b'ionann an ráta daoine a raibh post á fháil acu idir ráithe féilire amháin agus an chéad cheann eile agus beagán de bhreis ar 10 faoin gcéad i rith an bhorrtha, 7.5 faoin gcéad in 2008 agus 2009 agus idir 8 agus 10 faoin gcéad i lár 2013.
- D'eascair gur aistrigh teaghlaigh ó dhuine ar bith a bheith fostaithe isteach i bhfostaíocht i rith na tréimhse as an gceathrú cuid d'iontrálacha daoine isteach i bhfostaíocht. Ar an gcuma chéanna, d'eascair teaghlaigh gan phost as 28 faoin gcéad de na haistrithe amach ó theaghlaigh ina raibh duine fostaithe.
- Bhí deis dhá uair ní ba mhó ag duine i dteaghlach gan phost iontráil isteach i bhfostaíocht i gcomparáid le duine i dteaghlach ina raibh duine fostaithe.
- Tá nasc idir leanaí a bheith i dteaghlach agus deis níos ísle chun fostaíocht a iontráil agus le deis níos mó chun an fhostaíocht a fhágáil, go príomha mar gheall ar an bpatrún i measc ban.
- Ba dhóchúla gur iontráil fir phósta, daoine fásta óga, iad siúd a bhfuil leibhéil arda oideachais acu, iad siúd a chónaíonn i mBaile Átha Cliath agus iad siúd a d'oibrigh le bliain anuas, fostaíocht.
- Lena chinntiú go leanann laghdú ag teacht ar theaghlaigh gan phost ar aon dul le dífhostaíocht, ba cheart beartas an mhargaidh shaothair a fhairsingiú chun daoine a áireamh a bhfuil dualgais sa bhaile orthu agus iad siúd atá faoi mhíchumas.
- Baineann tábhacht le beartais eile, ar nós cúram leanaí ar nós cúram leanaí agus tionscnaimh leasa chun teaghlaigh gan phost a laghdú nuair a bhíonn leanaí iontu.



Réamhrá

Toisc mhór riosca i leith na bochtaineachta agus i dtaobh brath ar leas is ea teaghlaigh gan phost. Ábhar buartha idirnáisiúnta atá ag dul i méid is ea teaghlaigh gan phost, go háirithe nuair a chuirtear an breathnú san áireamh nach é go n-eascraíonn laghdú ar chóimhéid ar theaghlaigh gan phost as leibhéal mhéadaitheacha fostaíochta. I bhfriotal eile, níl an obair leata go cothrom i measc teaghlach.

Anuas air sin, déanann coincheap daoine gan fhostaíocht an díriú a fhairsingiú chun cás grúpaí a chur san áireamh a gcaitear leo go traidisiúnta amhail bheith lasmuigh den mhargadh saothair, ar nós daoine atá faoi mhíchumas agus iad siúd (mná de ghnáth) a bhfuil freagrachtaí cúraim orthu.

Ba ghnách gur dhírigh an taighde go dtí seo ar theaghlaigh gan phost mar fheiniméan statach, agus ina dtugtar níos lú airde ar chúinsí ina bhfágtar teaghlaigh gan phost nó ina mbaineann teaghlach fostaíocht amach. Is ionann an tuarascáil reatha agus an chéad chéim i scrúdú a dhéanamh ar an ngluaiseacht isteach nó amach ó theaghlaigh gan phost idir ráithí féilire atá i ngar dá chéile idir 2004 agus 2014, a chuimsíonn tréimhse de bhorradh geilleagrach, cúlú eacnamaíochta agus luath-théarnamh.

Cuirtear roinnt ceisteanna taighde sa tuarascáil, lena n-áirítear;

- Cé mhéid gluaiseachta isteach agus amach ó theaghlaigh gan phost a bhí i gceist agus conas a d'athraigh seo le himeacht ama?
- Cén ról a chomhlíon na daoine i dteaghlaigh i dtaobh fáthanna a thabhairt le hathruithe ar theaghlaigh gan phost?
- An mbíonn sé níos dóchúla nó a mhalairt go n-iontrálfaidh duine fostaíocht má chónaíonn siad i dteaghlach gan phost nó i dteaghlach ina bhfuil leanaí?

Sainmhíniú agus sonraí

Tuigtear gurb éard atá i gceist le teaghlaigh gan phost ná daoine faoi aois 60 bliain a chónaíonn i dteaghlach nach bhfuil aon duine de na daoine fásta ann atá in aois oibre fostaithe. Tá an sainmhíniú a úsáidtear sa staidéar seo bunaithe ar Shuirbhé ar Lucht Saothair an AE:

an sciar de dhaoine faoi aois 60 bliain i dteaghlaigh nach bhfuil aon duine fásta atá in aois oibre fostaithe (de réir an shainmhíniú na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair ar fhostaíocht).

Ó fhoinsé lucht saothair na hÉireann a thagann na sonraí don staidéar, an Suirbhé Ráithiúil Náisiúnta ar Theaghlaigh (QNHS) faoina dtugann an Phríomh-Oifig Staidrimh (CSO). Suirbhé mór é seo atá in ainm is faisnéis a bhailiú ar shaincheistanna margadh saothair. Déanann an suirbhé seo daoine a leanúint ar feadh a fhad le cúig ráithe. Cuimsíonn na sonraí sa staidéar an tréimhse ó ráithe 1 2004 go dtí ráithe 3 2014.

Ar mhaithe lenár n-anailís, glacaimid le daoine atá ar fáil i ngach péire ráithí mar aonad na hanailíse agus caithimid le saintréithe teaghlaigh sa chéad ráithe (ar nós daoine gan fhostaíocht agus saghas an teaghlaigh) mar thréithe na ndaoine.

Bosca 1: Teaghlaigh gan Phost a Thomhas: An QNHS agus an SILC

Déantar comparáid i bpáipéar teicniúil an ESRI a cuireadh i dtoll a chéile le déanaí idir teaghlaigh gan phost sa QNHS agus an Suirbhé ar Ioncam agus Dálaí Maireachtála (SILC). Tugtar le tuiscint sa pháipéar go ndéanann tomhas an SILC áibhéil i dtaobh leibhéil na dteaghlach gan phost nuair a chuirtear i gcomparáid é le tomhas an QNHS, mar gheall ar chomhdhéanamh shampla an SILC (féach [Watson et. al, 2015](#)).


Tá scrúdú á dhéanamh ag an CSO ar an dibhéirsiú seo agus chuir siad in iúl gurb é an QNHS an fhoinsé chinntitheach de shonraí fostaíochta, teaghlaigh gan phost san áireamh.

Mír 1: Treochtaí agus próifil teaghlach gan phost

I gcomparáid le tíortha Eorpacha eile, bhí an leibhéal daoine gan fhostaíocht in Éirinn ard riamh aniar ó thús an cúlaith eacnamaíochta (i ndiaidh 2008) ar aghaidh. Bhain sé buaicphointe amach in 2011/2012 nuair b'ionann é agus 20 faoin gcéad de leanaí agus 16 faoin gcéad de dhaoine fásta. Ar thosú an téarnaimh agus bhorradh na fostaíochta, is deas linn gur tháinig laghdú ar an ráta in Éirinn. In 2014, chónaigh 16 faoin gcéad de leanaí agus 14 faoin gcéad de dhaoine fásta faoi aois 60 bliain i dteaghlaigh gan phost in Éirinn, i gcomparáid le meánleibhéal EU-15 thart ar 11 faoin gcéad i measc daoine fásta agus leanaí araon ([Fíor 1](#)).

D'aistrigh próifil na ndaoine siúd i dteaghlaigh gan phost leis an gcúlú eacnamaíochta i dtreo comhréir ní ba mhó de theaghlaigh ina raibh roinnt daoine fásta ina raibh leanaí. I gcaitheamh na tréimhse, chónaigh 42 faoin gcéad de dhaoine i dteaghlaigh gan phost i dteaghlach ina raibh roinnt daoine fásta agus leanaí agus chónaigh thart ar leath den líon sin (21 faoin gcéad) i dteaghlaigh ina raibh roinnt daoine fásta agus leanaí ar bith. Chónaigh fiche a sé faoin gcéad i dteaghlaigh ina raibh tuismitheoir aonair agus chónaigh 10 faoin gcéad i dteaghlaigh ina raibh duine fásta a chónaigh leis/léi féin.

Fíor 1: Daoine fásta agus leanaí i dteaghlaigh gan phost (%)



Foinse: Sonraí ó thábla Eurostat [lfsi_jhh_a], EU-LFS, a baineadh ó <http://epp.eurostat.ec.europa.eu> an 23 Deireadh Fómhair 2014.

Mír 2: Athrú ar aistrithe daoine gan fhostaíocht idir 2004 agus 2014


Má léirimid aistrithe daoine gan fhostaíocht mar chéatadán den daonra iomlán faoi aois 60 bliain, b'ionann ráta na ndaoine a bhain fostaíocht amach agus 1.1 faoin gcéad ar an meán i gcaitheamh na tréimhse ó 2004 go 2014. B'ionann ráta na ndaoine a fágadh gan fhostaíocht agus 1.2 faoin gcéad idir ráithe amháin agus an chéad cheann eile agus d'fhan 11.7 faoin gcéad i dteaghlaigh gan phost sa dá ráithe i ndiaidh a chéile. Tá na rátaí aistrithe íseal mar gheall go bhfuilimid ag plé le tréimhse sách gearr ama nuair a chuirimid ráithí féilire i gcomparáid lena chéile.

Roimh an gcúlú eacnamaíochta, bhí na rátaí iontrála agus fágála cosúil lena chéile ([Fíor 2](#)). De réir mar a thosaigh an cúlú eacnamaíochta, chuaigh ráta iontrála na

dteaghlach gan phost i méid ní ba thapúla ná ráta na dteaghlach a bhain poist amach. Ag díriú ar ráta iontrála na dteaghlach gan phost i measc daoine fásta, bhain an ráta buaicphointe 1.8 faoin gcéad amach go déanach in 2008.

Bhí daoine gan phost ar feadh tréimhse chomhsheasmhach ní b'airde i measc leanaí, arb ionann an ráta agus 14 faoin gcéad, i gcomparáid le 11 faoin gcéad i measc daoine fásta. Anuas air sin, bhí sé ní ba choitianta i measc ban, daoine fásta breacaosta, iad siúd a bhain leibhéil ní b'isle d'oideachas amach, daoine fásta faoi mhíchumas agus i dteaghlaigh ina raibh ach duine fásta amháin, go háirithe sna teaghlaigh siúd ina raibh leanaí.

Fíor 2: Próifíl ráithiúil aistrithe teaghlach gan phost, aois daonra idir 0 bliain agus 59 bliain, idir 2004 agus 2014



Foinse: Sonraí an QNHS, 2004-2014, ualaithe; an daonra faoi aois 60 bliain i láthair in dhá ráithe i ndiaidh a chéile; anailís déanta ag na húdair.

Tháinig méadú ar an ráta aistrithe as teaghlaigh gan phost chomh maith (go páirteach mar gheall go raibh bonn na dteaghlach gan phost ag dul i méid), ach ní raibh an méadú chomh géar céanna. Mar thoradh air sin, ó 2007 go dtí deireadh 2012, ba mhó an ráta daoine fásta i dteaghlaigh ag iontráil teaghlach gan phost ná an ráta daoine a raibh poist á mbaint amach acu, agus ar an ábhar sin, tháinig méadú ar an líon daoine a bhí i dteaghlaigh gan phost.

Nuair a léirítear é mar chéatadán díobh siúd a bhí ina gcónaí i dteaghlaigh gan phost, b'ionann an ráta daoine a bhain post amach agus beagán de bhreis ar 10 faoin gcéad, ó ráithe go ráithe idir 2004 agus 2006; thit seo anuas go dtí thart ar 7.5 faoin gcéad in 2008 agus 2009 agus chuaigh sé i méid go dtí idir 8 agus 10 faoin gcéad ó lár na bliana 2013 ar aghaidh. Fiú i rith an chúlaithe eacnamaíochta, bhí aistriú suntasach le sonrú as teaghlaigh gan phost de réir mar a bhain duine fásta amháin nó ní ba mhó sa teaghlach fostaíocht amach.

Mír 3: An caidreamh idir aistriú aonair fostaíochta agus teaghlaigh gan phost

Ní imreoidh gach aistriú aonair fostaíochta tionchar ar cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil teaghlach gan phost. Braithfidh sé ar cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil duine eile fostaithe cheana féin sa teaghlach.

Ar an meán i gcaitheamh na tréimhse idir 2004 agus 2014, d'eascair gur aistrigh teaghlach ó bheith gan phost go hoibriú as 24 faoin gcéad d'iontrálacha daoine fásta i bhfostaíocht. I dtomhlach na gcásanna (76 faoin gcéad), mar sin, bhí duine ag oibriú cheana féin sa teaghlach, mar sin, níor imir an iontráil i bhfostaíocht aon tionchar i dtaobh teaghlaigh gan phost.


Bhí an ráta inar eascair gur fhág teaghlach bheith ina theaghlach gan phost as iontrálacha aonair i bhfostaíocht ní b'ísle roimh an gcúlú eacnamaíochta (thart ar 20 faoin gcéad), tháinig méadú aníos air go dtí thart ar 26 faoin gcéad idir 2008 agus 2012 agus b'ionann é agus 29 faoin gcéad, ar an meán idir 2013 agus 2014. Agus gach rud eile ar chomhionann, má tá níos mó daoine fásta atá in aois oibre ina gcónaí i

dteaghlaigh gan phost, bheadh súil againn gur dhóchúlá go dtiocfadh laghdú ar theaghlaigh gan phost mar gheall ar iontrálacha i bhfostaíocht.

Go comhuaineach, ní hé go n-eascróidh go bhfágfar teaghlach gan phost má fhágann duine fásta an fhostaíocht: braitheann sé ar cibé acu an gcónaíonn nó nach gcónaíonn siad le daoine fásta eile atá fostaithe. Níor eascair gur fágadh teaghlach gan phost ach as 28 faoin gcéad d'fhágáil fostaíochta i measc daoine fásta sa tréimhse (idir 2004 agus 2014) (Fíor 3), ó idir 22 faoin gcéad roimh an gcúlú eacnamaíochta agus 31 faoin gcéad i gcaitheamh bhlianta an chúlaithe eacnamaíochta (idir 2008 agus 2012) agus d'fhan sé ard ag 32 faoin gcéad idir 2013 agus 2014.

Go ginearálta, de réir mar a tháinig méadú ar an ráta teaghlach gan phost agus brath teaghlach ar shoathraí aonair, tá iontrálacha agus fágálacha aonair fostaíochta tar éis éirí níos iarmhartaí d'aistriú teaghlach gan phost.

Fíor 3: Athrú ar theaghlaigh gan phost de réir dinimic aonair fostaíochta



Foinse: Sonraí fadaimseartha an QNHS, 2004-2014, ualaithe, anailís ag údair. An bonn = daoine atá idir 18 agus 59 bliain d'aois atá i láthair i ráithí ina n-aice.

Mír 4: Tionchar teaghlach gan phost ar aistrithe aonair fostaíochta Iontráil i bhfostaíocht

Scrúdaíomar cibé acu ar imir nó nár imir cónaí i dteaghlach gan phost nó i dteaghlach ina raibh leanaí an tionchar ina laghdaítear an dóchúlacht go n-iontrálfadh duine aonair fostaíocht nuair a chuireamar saintréithe eile i gcuntas. Ba iad inscne, aois, stádas pósta agus teaghlach, leibhéal oideachais, náisiúntacht, réigiún, fad an ama a oibríodh an uair dheireanach agus an tréimhse (borradh, cúlú eacnamaíochta nó téarnamh) na saintréithe eile a cuireadh san áireamh.


Thugamar faoi deara i ngach ceann de na trí thréimhse agus i measc shaghsanna éagsúla na dteaghlach nárbh ionann an deis go n-iontrálfadh duine i dteaghlach gan phost fostaíocht ach 0.59 uair na deise a bheadh ag duine a chónaíonn i dteaghlach oibre.

B'ionann agus thart ar 11 faoin gcéad an ráta ionchasach fostaíochta i gcás duine fásta dífhostaithe i dteaghlach ina bhfuil leanaí i mblianta an bhorrtha má bhí duine fásta fostaithe eile sa teaghlach, i gcomparáid le thart ar 7 faoin gcéad mura raibh aon duine eile de na daoine fásta fostaithe (Fíor 4).

Anuas air sin, bhain láithreach leanaí i dteaghlach le dóchúlacht laghdaithe go n-iontrálfá fostaíocht, agus is mar gheall ar an bpatrún i measc ban is mó atá seo. Cuirimis i gcás, i gcás duine fásta amháin as roinnt daoine fásta i dteaghlach gan phost, b'ionann an dóchúlacht choigeartaithe (i.e. nuair a choimeádtar saintréithe eile seasmhach) go n-iontrálfar fostaíocht idir ráithe amháin agus an chéad cheann eile agus 8 faoin gcéad i rith bhlianta an bhorrtha mura raibh aon leanaí ag an teaghlach agus 7 faoin gcéad má bhí leanaí ag an teaghlach (Fíor 4). Cé go bhféadfaí a mheas gur beag an difríocht, tá sí bunaithe ar athrú i gcaitheamh tréimhse sách gearr (ó ráithe amháin chuig an gcéad cheann eile) agus féadfaidh an saghas seo difríochta dul i méid agus féadfaidh difríocht mhór eascairt aisti i líonta na dteaghlach gan phost.

Anuas air sin, bhí saintréithe eile bainteach leis an dóchúlacht go n-iontrálfar fostaíocht. Ba dhóchúla go n-iontrálfadh fir phósta, daoine fásta óga, iad siúd a bhfuil leibhéal arda oideachais acu, iad siúd a chónaíonn i mBaile Átha Cliath agus iad siúd a d'oibrigh le bliain anuas, fostaíocht.

Fíor 4: Céatadán coigeartaithe a iontrálann fostaíocht de réir shaghas an teaghlach agus stádas oibre de réir tréimhse, idir 2004 agus 2014



Foinse: Sonraí fadaimseartha an QNHS, 2004-2014, ualaithe, anailís déanta ag na húdair. An bonn = daoine atá idir 18 agus 59 bliain d'aois i láthair i ráithí ina n-áite agus nach raibh i bhfostaíocht sa ráithe níos luaithe. Arna ríomh ó Shamhail 3 i dTábla 5.6 den tuarascáil.

Fostaíocht a fhágáil


Scrúdaíomar fágáil post ina dhiaidh sin, agus chuireamar an cheist cibé acu an raibh nó nach raibh dóchúlacht ní b'airde ann i measc saothraithe aonair (an t-aon duine fásta atá ag oibriú i dteaghlach) agus daoine i dteaghlaigh gan leanaí go bhfágfaidís fostaíocht, nuair a chuirtear saintréithe eile i gcuntas. B'ionann na saintréithe eile agus iad siúd i gcás iontrálacha fostaíochta seachas, in ionad fhad an ama ó bhí siad ag oibriú an uair dheireanach, chuireamar i gcuntas an fad ama dá raibh an post acu. Baineann tábhacht leis an gceist ina bhfágann saothraithe aonair post mar gheall go bhfágfaí an teaghlach gan phost mar thoradh ar fhágáil na fostaíochta dóibh.

Thugamar faoi deara, seachas ó chónaí leo féin, ba dhóchúla go bhfágfadh saothraithe aonair fostaíocht ná iad siúd i dteaghlaigh ina raibh roinnt saothraithe nuair a chuireamar saintréithe eile san áireamh. Cuir i gcás, b'ionann agus 4.4 faoin gcéad i

dtaobh saothraí aonair i dteaghlach ina raibh roinnt daoine fásta gan aon leanaí agus an céatadán coigeartaithe daoine a raibh fostaíocht á fágáil acu i rith an chúlaithe eacnamaíochta, i gcomparáid le 3.5 faoin gcéad ina mhacasamhail de theaghlach ina raibh breis agus duine amháin fostaíthe ([Fíor 5](#)).

Anuas air sin, bhain láithreach leanaí le dóchúlacht mhéadaithe go bhfágfaí fostaíocht. Bhain tábhacht staitistiúil leis seo i dtaobh teaghlach ina raibh duine fásta aonair agus teaghlaigh ina raibh roinnt daoine fásta ina raibh roinnt saothraithe seachas nuair a bhí an duine ar an saothraí aonair i dteaghlach ina raibh roinnt daoine fásta. Tagann leochaileacht leanaí a chónaíonn i dteaghlaigh gan phost chun solais ansin mar gheall ar dhóchúlacht níos ísle go n-iontráfaí fostaíocht agus ar dhóchúlacht níos airde go bhfágfaí fostaíocht i measc na ndaoine fásta lena gcónaíonn siad.

Fíor 5: Céatadán coigeartaithe a fhágann fostaíocht de réir shaghas an teaghlaigh agus líon na saothraithe de réir tréimhse, idir 2004 agus 2014



Foinse: Sonraí fadaimseartha an QNHS, 2004-2014, ualaithe, anailís déanta ag na húdair. An bonn = daoine atá idir 18 agus 59 bliain d'aois láthair i ráithí ina n-aice agus i bhfostaíocht sa ráithe níos luaithe. Ó Shamhail 2 i dTábla 5.11 den tuarascáil. Taispeántar i dTábla A5.2 san Aguisín torthaí tástálacha tábhachta ar phéirí comhéifeachtaí.

Mír 5: Impleachtaí beartais agus taighde breise

Tá buairt thréan bheartais ann i dtaobh teaghlaigh gan phost ar leibhéal náisiúnta, *Bealaí chun Oibre agus an Clár Náisiúnta um Athchóiriú* san áireamh faoin Straitéis 'an Eoraip 2020'. Leagtar amach na príomhimpleachtaí le laghaidh beartais agus taighde breise thíos.

- Tugann na torthaí le tuiscint gur dóchúil go leanfaidh teaghlaigh gan phost ag laghdú de réir mar a théann fostaíocht i méid, ach ar ráta níos moille ná an laghdú atá ag teacht ar dhífhostaíocht, go háirithe mar gheall go gcuireann teaghlaigh gan phost, ina measc féin, cosc ar iontráil i bhfostaíocht agus gurb airde an ráta fágála ó fhostaíocht i measc teaghlach ina bhfuil saothraí aonair.
- Ní mór comhthéacs teaghlaigh an duine fhásta neamhfhostaithe a chur san áireamh i straitéisí chun fostaíocht a chur chun cinn. Áirítear le comhthéacs an teaghlaigh a chur san áireamh breithniú a dhéanamh ar an tionchar a imrítear nuair a iontrálann duine amháin i bhfostaíocht ar na sochair a bhaineann na daoine eile sa teaghlach; ar an ngá atá le cúram leanaí agus ar shochair thánaisteacha.
- Teastaíonn aird leantach ón tionchar a imríonn struchtúr na rialacha maidir le teidlíocht leasa ar dhreasachtaí oibre. Is dóchúil go mbeidh seo ina thoisc nuair a chuirtear an tionchar coiscthe a imríonn teaghlach gan phost ar iontráil i bhfostaíocht i gcuntas.
- Tá teaghlaigh gan phost níos airde i measc teaghlach ina bhfuil leanaí agus, i measc ban. Laghdaíonn láithreach leanaí an dóchúlacht go n-aistreofar isteach i bhfostaíocht. Cuireann seo an tábhacht in iúl a bhaineann le beartais a laghdaíonn an dídhreasú a bhaineann le hioncam aistrithe shóisialta ar iontráil i bhfostaíocht. Anuas air sin, cuireann sé an gá in iúl atá le soláthar cúram leanaí a fheabhsú.
- Teastóidh díriú níos fairsinge ná díreach ar fhostaíocht chun dul i ngleic le daoine gan phost. Ba cheart go gcuirfí san áireamh iad siúd a thugann faoi dhualgais sa bhaile agus daoine atá faoi mhíchumas. Dheimhnigh an anailís sa tuarascáil go raibh sé beagnach chomh dóchúil céanna go n-aistreadh bean, a bhí ag tabhairt faoi dhualgais sa bhaile, a d'iontráil i bhfostaíocht, an teaghlach as easpa poist leis na daoine siúd a d'iontráil i bhfostaíocht a ndearna cur síos orthu féin amhail bheith dífhostaithe.
- Tugtar go leor ceisteanna chun solais sa staidéar seo a bhféadfaí fiosrú breise a dhéanamh orthu. Ina measc seo, tá a mhéid a chuireann tosca, ar nós míchumais, le teaghlaigh gan phoist.
- D'fhéadfadh breis anailíse scrúdú a dhéanamh ar cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil 'poist mhaithe' á mbaint amach acu siúd atá ag iontráil na fostaíochta i dtaobh leibhéal, uaireanta agus thuillimh na gairme agus cibé acu an raibh an post sealadach nó buan. D'fhéadfadh sé breithniú a dhéanamh, chomh maith, ar cibé acu an maireann nó nach maireann an post i ndiaidh na ráithe tar éis an aistrithe.

Faisnéis faoin bhfoilseachán

Tá an tuarascáil taighde *Aistrithe isteach agus amach ó Theaghlaigh gan Phost, idir 2004 agus 2014* foilsithe ag www.socialinclusion.ie agus www.esri.ie. Tá leagan Gaeilge den bhileog faisnéise ar fáil ar líne. Tá fáil ar thagairtí agus ar ghluais téarmaí sa phríomhthuarascáil.

Comhfhóilsíonn an Roinn Coimirce Sóisialaí agus an ESRI an tuarascáil taighde seo mar chuid den tSraith Tuarascálacha um Chuimsiú Sóisialta. Tá na húdair, agus na húdair amháin, freagrach as na dearcchá, na tuairimí, na torthaí, na conclúidí agus/nó na moltaí a léirítear, nach bhfuil inchurtha i leith an ESRI, agus ní ghlacann siad féin le staid bheartais institiúide, agus níl na dearcchá inchurtha i leith na Roinne ach oiread. Tá na taighdeoirí freagrach as cruinneas an taighde agus déantar athbheithniú piaraí ar gach tuarascáil.

ISBN: 978-1-908109-29-3
An Roinn Coimirce Sóisialaí, Baile Átha Cliath, Éire 2015